Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13123/25**

**COH 175**
**SOC 620**
**ENER 453**
**ENV 875**
**SAN 568**
**CADREFIN 224**
**DELACT 138**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6376 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 22.9.2025 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an ainmníocht le haghaidh na dtoisí agus na gcód i gcomhair na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6376 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 6376 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.9.2025
C(2025) 6376 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.9.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an ainmníocht le haghaidh na dtoisí agus na gcód i gcomhair na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

An 1 Aibreán 2025, thíolaic an Coimisiún dhá thogra reachtacha[1] lena dtugtar deis do na Ballstáit a dtosaíochtaí infheistíochta a ailíniú ar bhealach níos fearr faoin gcreat beartais comhtháthaithe atá ann faoi láthair. Bhain na tograí sin le Rialacháin (AE) 2021/1058 ('an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe') agus (AE) 2021/1056 ('Rialachán CUAC'), chomh maith le Rialachán (AE) 2021/1057 ('Rialachán CSE+'). Leis na tograí, dreasaíodh tacaíocht do thosaíochtaí an Aontais atá ag teacht chun cinn arb é is aidhm dóibh iomaíochas, uathriail straitéiseach, athléimneacht agus ullmhacht a mhéadú agus comhtháthú críochach agus sóisialta á chur chun cinn an tráth céanna.

Ghlac na comhreachtóirí na tograí agus tháinig siad i bhfeidhm [an 20 Meán Fómhair 2025].

Leis na tograí leasaítear cuspóirí sonracha atá ann cheana agus tugadh isteach cuspóirí nua faoi CFRE agus faoin gCiste Comhtháthaithe i gcomhair chlárthréimhse 2021-2027 mar a leanas:

faoi chuspóir beartais 1, cuspóir sonrach nua

> 'acmhainneachtaí tionsclaíocha a fheabhsú chun cumais chosanta a chothú, agus tús áite á thabhairt d'acmhainneachtaí de chineál dé-úsáide';

faoi chuspóir beartais 2, cuspóir sonrach leasaithe

> 'rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce, lena n-áirítear bainistiú comhtháite acmhainní uisce, agus athléimneacht uisce a chur chun cinn';

agus dhá chuspóir shonracha nua

> 'rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chur chun cinn';
>
> 'idirnascairí fuinnimh agus bonneagar gaolmhar tarchurtha, dáileacháin, stórála agus tacaíochta a chur chun cinn, chomh maith le bonneagar criticiúil fuinnimh a chosaint agus bonneagar athluchtaithe a chur in úsáid';

faoi chuspóir beartais 3, cuspóir sonrach nua

> 'bonneagar cosanta athléimneach a fhorbairt agus tús áite á thabhairt do bhonneagar de chineál dé-úsáide, lena n-áirítear chun soghluaisteacht mhíleata a chothú san Aontas, chomh maith le hullmhacht shibhialta a fheabhsú';

faoi chuspóir beartais 4, cuspóir sonrach nua

> 'rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chur chun cinn';

faoi chuspóir beartais 5, dhá chuspóir shonracha nua

> 'forbairt chríochach chomhtháite a chothú, trí rochtain ar thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe i ngach cineál críoch';
>
> 'ullmhacht shibhialta a áirithiú i ngach cineál críoch'.

De bhun Airteagal 22(3)(d)(viii) agus Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear go leagtar amach i gcláir, i gcás gach cuspóra shonraigh, miondealú táscach ar na

[1] COM(2025) 123 final agus COM(2025) 164 final – 1.4.2025.

hacmhainní clársceidealaithe de réir cineál idirghabhála, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

Tá gá leis an ngníomh tarmligthe seo chun ailíniú agus comhsheasmhacht a áirithiú idir Rialachán (AE) 2021/1060 ('Rialachán na bhForálacha Coiteanna') agus na rialacháin chiste-shonracha (an Rialachán maidir le CFRE/an Ciste Comhtháthaithe, Rialachán CSE+, Rialachán CUAC). Is é an aidhm atá ann a áirithiú go mbeifear in ann na cuspóirí sonracha leasaithe agus na cuspóirí sonracha a tugadh isteach le déanaí de bhun Rialachán (AE) 2025/xxx [Rialachán AMT] a chur chun feidhme trí réimsí idirghabhála comhfhreagracha a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060. Ar an gcaoi sin beifear in ann iad a úsáid i gcur chun feidhme agus tuairisciú cláir.

Faoi láthair, soláthraítear liosta de 193 réimse idirghabhála, arna ngrúpáil de réir cuspóir beartais, i dTábla 1 'Toisí agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála' d'Iarscríbhinn I 'Toisí agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC - Airteagal 22(5)' a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060. Is féidir aon réimse idirghabhála a úsáid faoi aon chuspóir beartais. Tá feidhm fós ag na 193 réimse idirghabhála atá ann cheana agus is féidir iad a úsáid de réir mar is iomchuí faoi aon cheann de na cuspóirí sonracha nua agus leasaithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2025/xxx [Rialachán AMT].

Leis an ngníomh tarmligthe seo leasaítear Iarscríbhinn I 'Toisí agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC - Airteagal 22(5)' a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 agus comhlánaítear leis an liosta cineálacha idirghabhála atá ann cheana i dTábla 1 'Toisí agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála' d'Iarscríbhinn I le líon teoranta toisí agus cód breise atá nasctha leis na cuspóirí sonracha nua maidir le cosaint, bonneagar criticiúil agus idirnascairí fuinnimh. Tá na hathruithe uile atá beartaithe nasctha go díreach leis na hathruithe ar na cuspóirí sonracha. Tá na hathruithe comhleanúnach i gcónaí leis an gcur chuige atá ann cheana maidir le réimsí idirghabhála agus ar an gcaoi sin áirithítear go leanfaidh na réimsí a tugadh isteach de bheith comhréireach chun críoch cur chun feidhme agus tuairiscithe agus go seachnófar leo cur chuige atá ró-mhionsonraithe. Go háirithe, maidir leis na comhéifeachtaí atá beartaithe i ndáil le ríomh na tacaíochta do chuspóirí athraithe aeráide agus i ndáil le ríomh na tacaíochta do chuspóirí comhshaoil, tá siad ar aon dul leis na comhéifeachtaí sin a bhaineann leis na réimsí idirghabhála inchomparáide atá ann cheana.

Chun gur féidir faireachán níos spriocdhírithe a dhéanamh ar infheistíochtaí atá nasctha leis na cuspóirí sonracha nua maidir le cosaint faoi chuspóir beartais 1 agus faoi chuspóir beartais 3, tugtar isteach leis an ngníomh tarmligthe seo dhá réimse idirghabhála breise le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla atá nasctha go sonrach le teicneolaíocht na cosanta agus le teicneolaíocht dé-úsáide i ngnólachtaí móra agus i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (lena n-áirítear micrifhiontair). Áirithítear leis sin comhleanúnachas sa chur chuige le réimsí idirghabhála eile lena ngabhtar tacaíocht d'fhiontair, ar réimsí iad a roinntear ar an gcaoi chéanna. Leis an ngníomh tarmligthe cuirtear leis an liosta atá ann cheana réimse idirghabhála nua maidir le bonneagar cosanta agus uasghráduithe bonneagair ar de chineál dé-úsáide iad, lena n-áirítear soghluaisteacht mhíleata.

I ndáil leis an gcuspóir sonrach nua maidir le hidirnascairí fuinnimh agus bonneagar criticiúil fuinnimh faoi chuspóir beartais 2, leis an ngníomh tarmligthe tugtar isteach réimse idirghabhála maidir le hidirnascairí fuinnimh agus bonneagar gaolmhar tarchurtha, dáileacháin, stórála agus tacaíochta, ar réimse idirghabhála é a mheastar a ghabhfaidh méid na

hinfheistíochta atá nasctha leis an tosaíocht áirithe seo de chuid an Aontais atá ag teacht chun cinn ar bhealach níos cruinne agus níos mionsonraithe. Cuirtear isteach an réimse idirghabhála nua maidir le bonneagar criticiúil a chosaint chun gur fearr is féidir spriocdhíriú agus faireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí in aon chineál bonneagair chriticiúil (fuinneamh, uisce, iompar, etc.) a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fud cuspóirí beartais éagsúla.

Is féidir na 193 réimse idirghabhála atá ann cheana a úsáid chun na hinfheistíochtaí atá beartaithe a chumhdach faoi na cuspóirí sonracha nua a bhaineann le tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe, agus le hullmhacht shibhialta, agus chomh maith leis sin faoin gcuspóir sonrach leasaithe maidir le rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce, lena n-áirítear bainistiú comhtháite acmhainní uisce, agus athléimneacht uisce. Go háirithe, is féidir infheistíochtaí i dtithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a nascadh le réimsí idirghabhála (RInna) le haghaidh athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar an stoc tithíochta atá ann cheana (cóid RI 041 agus 042), le haghaidh foirgnimh nua atá fuinneamhéifeachtúil a thógáil (cód RI 043), agus le haghaidh bonneagar tithíochta (cóid RI 125 agus 126). Is féidir infheistíochtaí lena méadaítear an ullmhacht shibhialta a nascadh leis na réimsí idirghabhála maidir le rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc agus a bhainistiú (cóid RI 058, 059, 060), maidir le rioscaí nádúrtha nach mbaineann leis an aeráid agus rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí an duine a chosc agus a bhainistiú (cód RI 061), agus chomh maith leis sin maidir leis an trealamh criticiúil agus na soláthairtí criticiúla is gá chun aghaidh a thabhairt ar staid éigeandála (cód RI 132) agus maidir le hathghiniúint fhisiciúil agus slándáil na limistéar poiblí (cód RI 168). I gcás rochtain shlán ar uisce, bainistiú inbhuanaithe uisce, lena n-áirítear bainistiú comhtháite acmhainní uisce, agus athléimneacht uisce, is mó is ábhartha i gcónaí na réimsí idirghabhála atá ann cheana maidir le soláthar uisce lena chaitheamh ag an duine (cóid RI 062 agus 063), maidir le bainistiú uisce agus caomhnú acmhainní uisce (cód RI 064), maidir le bailiú agus cóireáil fuíolluisce (cóid RI 065 agus 066) agus maidir le rioscaí aeráide a bhaineann le huisce a chosc agus a bhainistiú (cóid RI 058, 060). Dá bhrí sin, ní mheastar go bhfuil gá le haon réimse idirghabhála nua ná breise.

Ina theannta sin, leasaítear an réimse idirghabhála atá ann cheana (cód RI 145a) lena gcumhdaítear tacaíocht d'fhorbairt scileanna nó rochtain ar fhostaíocht atá nasctha leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)[2]. Tá an réimse idirghabhála seo ann chun go gcuimseofar teicneolaíochtaí na cosanta in éineacht leis na teicneolaíochtaí digiteacha, an domhainteicneolaíocht agus an bhith-theicneolaíocht. Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le clársceidealú agus faireachán a dhéanamh ar thacaíocht STEP a uirthi, leasaítear leis an ngníomh tarmligthe seo freisin cód 11 i dTábla 6 'Cóid le haghaidh théamaí tánaisteacha CSE+' d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 dá réir sin.

Ní mór an gníomh tarmligthe seo agus na hathruithe is gá ar Iarscríbhinn I a ghlacadh gan mhoill chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit in ann faisnéis chomhsheasmhach a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le húsáid chlársceidealaithe na gcistí ón mbeartas comhtháthaithe chomh maith le faisnéis maidir le leithdháileadh carnach agus caiteachas carnach na gCistí sin de réir cineál idirghabhála agus de réir líon na n-oibríochtaí le linn thréimhse cur i bhfeidhm na gclár, i gcomhréir lena n-oibleagáid dhlíthiúil a shonraítear in Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/1060. Ar an gcaoi sin cuirfear ar a chumas don Choimisiún institiúidí eile an Aontais agus saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas ar bhealach iomchuí faoi úsáid na gCistí.

2 I gcomhréir leis an leasú atá beartaithe ar STEP trí COM (2025) 188 final

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh comhairliúcháin i gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir le Gníomhartha Tarmligthe[3].

Bhí gach cuid den ghníomh faoi réir comhairliúcháin le saineolaithe ó gach Ballstát. Cuireadh an chéad leagan den ghníomh tarmligthe i láthair agus rinneadh plé air le saineolaithe ó gach Ballstát an 2 Meán Fómhair 2025. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas go cuí faoi na comhairliúcháin.

Leis an gcomhairliúchán bhí deis ann dréachtfhorálacha an Choimisiúin a chur i láthair ina n-iomláine agus tuairimí a mhalartú maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe. Iarradh ar na Ballstáit a mbarúlacha a chur ar fáil i scríbhinn agus fuair siad freagraí ar phointí a ardaíodh sa phlé ar an dréachtghníomh tarmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 113 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, cé is moite d'Iarscríbhinní III, IV, XI, XIII, XIV, XVII agus XXVI, chun iad a oiriúnú d'athruithe a tharlóidh le linn na clárthréimhse.

I gcomhréir leis an bhforáil sin, cumhachtaítear an Coimisiún an gníomh tarmligthe seo a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann leis an ainmníocht (toisí agus cóid) le haghaidh an chineáil réimsí idirghabhála, atá le húsáid chun catagóiriú a dhéanamh ar acmhainní/tacaíocht airgeadais atá beartaithe agus curtha chun feidhme faoi chistí an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC).

[3] Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.9.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an ainmníocht le haghaidh na dtoisí agus na gcód i gcomhair na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[4], agus go háirithe Airteagal 113 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 22(3), pointe (d)(viii) de Rialachán (AE) 2021/1060, maidir le gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), tá siad leis na cineálacha idirghabhála a leagan amach le haghaidh gach cuspóra shonraigh a áirítear sa chlár. Déantar é sin chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit faisnéis chomhsheasmhach a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le húsáid chlársceidealaithe, leithdháileadh carnach agus caiteachas carnach na gCistí sin de réir an chineáil idirghabhála agus líon na n-oibríochtaí le linn na clárthréimhse. Is é is cuspóir leis sin a chur ar a chumas don Choimisiún institiúidí eile an Aontais agus saoránaigh an Aontais a chur ar an eolas ar bhealach iomchuí faoi úsáid na gCistí.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin an ainmníocht le haghaidh na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC.

(3) Le Rialachán (AE) 2025/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] [Rialachán AMT] lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, tugadh isteach cuspóirí sonracha breise maidir le tacaíocht ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC.

(4) Leis na cuspóirí sonracha nua a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2025/xxx [Rialachán AMT], cumhdaítear infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi

4 IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj.
5 IO L [Sonraí AMT a bheidh ar fáil tráth a bhfoilsithe]

iomaíochas, neamhspleáchas straitéiseach, comhtháthú críochach agus sóisialta, athléimneacht agus ullmhacht an Aontais. Go sonrach, leis na cuspóirí sonracha nua, tugtar an deis tacú le hinfheistíochtaí lena bhfeabhsaítear cumais dé-úsáide agus chosanta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheopholaitiúla agus chomh maith leis sin tacú le hinfheistíochtaí in idirnascairí fuinnimh agus i gcosaint an bhonneagair chriticiúil fuinnimh, agus é d'aidhm aige sin athléimneacht agus ullmhacht an Aontais a mhéadú i gcás aon teagmhais dhíobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, idir theagmhais a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais nach mbaineann leis an aeráid.

(5) Mar thoradh ar na cuspóirí sonracha nua a cuireadh isteach agus chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit faisnéis chomhsheasmhach a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le húsáid chlársceidealaithe na gCistí faoi na cuspóirí sonracha nua sin, tá liosta na gcineálacha idirghabhála atá ann cheana le comhlánú le líon teoranta de réimsí idirghabhála ábhartha breise.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. I dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 cuirtear na réimsí idirghabhála seo a leanas leis:

| 'Cóid eile a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma | | | |
|---|---|---|---|
| 194 | Infheistíocht tháirgiúil i ngnólachtaí móra atá nasctha le teicneolaíocht na cosanta agus le teicneolaíocht dé-úsáide | 0 % | 0 % |
| 195 | Infheistíocht tháirgiúil in FBManna atá nasctha le teicneolaíocht na cosanta agus le teicneolaíocht dé-úsáide | 0 % | 0 % |
| 196 | Idirnascairí fuinnimh agus bonneagar gaolmhar tarchurtha, dáileacháin, stórála agus tacaíochta | 100 % | 40 % |
| 197 | Cosaint an bhonneagair chriticiúil | 0 % | 40 % |
| 198 | Bonneagar cosanta agus tógáil bonneagair agus uasghráduithe le haghaidh dé-úsáide, lena n-áirítear soghluaisteacht mhíleata | 0 % | 0 %' |

2. I dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 cuirtear an méid seo a leanas in ionad réimse idirghabhála 145a:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘145a | Tacaíocht d’fhorbairt scileanna nó rochtain ar fhostaíocht i dteicneolaíochtaí digiteacha agus i nuálaíocht domhainteicneolaíochta, i mbith-theicneolaíochtaí agus i dteicneolaíochtaí na cosanta | 0 % | 0 %’ |

3. I dTábla 6 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 11:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘11 | Rannchuidiú le scileanna agus poist i dteicneolaíochtaí digiteacha agus i nuálaíocht domhainteicneolaíochta, i dteicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní, i mbith-theicneolaíochtaí agus i dteicneolaíochtaí na cosanta | 0 % | 0 %’ |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.9.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*